Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Márta 2019
(OR. en)

7180/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0040(COD)**

**TRANS 170**
**CODEC 621**
**PREP-BXT 102**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 6915/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 6340/19 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus den nascacht iarnróid a mhéid a bhaineann le tarraingt siar Ríochta Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas**(an chéad léamh)(Plé reachtach)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh a ullmhú<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an gníomh reachtach a ghlacadh |

1. Thíolaic an <u>Coimisiún</u> an togra thuasluaite don Chomhairle ar an 12 Feabhra 2019. Tá sé mar chuid de na "bearta teagmhasacha" atá ann lena ndírítear ar na hiarmhairtí a mhaolú, le linn idirthréimhse, a bhainfeadh leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas gan comhaontú aistarraingthe.

2. Beartaítear leis an togra síneadh a chur le bailíocht cineáil áirithe údaraithe sábháilteachta bonneagair iarnróid chun leanúnachas oibríochtaí iarnróid trasteorann i dtreo na Ríochta Aontaithe agus uaithi a áirithiú gan suaitheadh. Tá gá sonrach leis sin, ós rud é nach mór comhaontú déthaobhach idir FR agus UK a oiriúnú don staid nua chun go bhféadfar leanúint den chreat bainistithe sábháilteachta is iomchuí a sholáthar do na hoibríochtaí sin.

3. Comhlánaíonn an togra Treoir 2004/49/CE[1]. Ba cheart bailíocht shínithe na n-údaruithe i gcás codanna áirithe den bhonneagar iarnróid i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais a bheith teoranta ó thaobh ama de don tréimhse is gá chun dul in oiriúint don staid nua. Tá an beart teagmhasach ag brath ar chaighdeáin sábháilteachta atá comhionann le ceanglais an Aontais a bheith á gcur i bhfeidhm maidir leis an mbonneagar agus na hoibríochtaí ar a gcríoch, bonneagar a úsáidtear chun nascacht iarnróid trasteorann a áirithiú.

4. Phléigh an mheitheal ad hoc (Airteagal 50) an togra ar an 14 agus 26 Feabhra 2019 agus thug sí treoir don mheitheal um iompar de thalamh. Phléigh an mheitheal um iompar de thalamh an togra ar an 25 Feabhra agus ar an 4 Márta 2019. Chuir toscaireachtaí FR, PL agus UK forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha isteach. Thacaigh na toscaireachtaí leis an togra, agus tháinig siad ar chomhaontú go méadófaí é chun ceadúnais agus údaruithe shonracha eile a áireamh ann, a meastar gur gá beart teagmhasach a bheith ann ina leith chomh maith. Roghnaigh an mheitheal freisin síneadh 9 mhí a chur leis an tréimhse bailíochta faoi seach. Rinne ionadaí an Choimisiúin an seasamh ón gCoimisiún maidir le síneadh ama agus maidir le ceadúnais tiomána traenach a chuimsiú sa raon feidhme a fhorchoimeád.

5. Ar an 6 Márta 2019, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú caibidlíochta[2] lenar ceadaíodh don Uachtaránacht cainteanna taiscéalaíoch a shaothrú roimh an vótáil ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa.

6. I bParlaimint na hEorpa, ceapadh Ismail Ertug (S&D, DE) mar rapóirtéir ar an 27 Feabhra 2019. Sular ceapadh é, chomhaontaigh comhordaitheoirí an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht go ndíreofaí ar chinneadh ag an seisiún iomlánach gan tuarascáil ón gCoiste, trí úsáid a bhaint as nós imeachta.

7. Léirigh cainteanna taiscéalaíoch an 11 Márta 2019 go raibh raibh na seasaimh tháscacha ón bParlaimint agus ón gComhairle ag teacht lena chéile. Comhthreomhar leis na cainteanna sin, rinneadh athbhreithniú dlítheangeolaíoch práinneach ar na téacsanna bhí ag teacht chun cinn.

8. Vótáil Parlaimint na hEorpa ar an seasamh uaithi ar an gcéad léamh ar an 13 Márta 2019, mar a leagtar amach san aguisína ghabhann leis an nóta seo.

---

[1] Treoir 2004/49/CE maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail , IO L 164, 30.4.2004, lch.44.

[2] 6915/19.

9. Léirítear sa vóta i bParlaimint na hEorpa an sainordú ar tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú ina leith ar an 6 Márta 2019. Mar sin féin, d'fhorbair Parlaimint na hEorpa aithris 3 den togra tosaigh ón gCoimisiún (aithris 4 den téacs críochnaitheach). Léiriú é an aithris seo ar na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na húdaráis ar a bhfuil an fhreagracht chomhpháirteach as bainistiú sábháilteachta i dtollán Mhuir nIocht agus creat bainistíochta don todhchaí á fhorbairt acu. Mar achoimre, tá an difear idir an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus an seasamh táscach a leagtar amach i sainordú Coreper [3]teoranta go bunúsach don chuid chuid seo d'aithris 4.

10. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá bhrí sin an méid a leanas a dhéanamh:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach é san aguisín a ghabhann leis an nóta seo, a chomhaontú,

– a iarraidh ar an gComhairle an seasamh ón bParlaimint a fhormheas, agus

– cinneadh d'aon toil gurb é an nós imeachta i scríbhinn a úsáidfear le haghaidh formheas ón gComhairle (Airteagal 12 (1) de na Rialacha Nós Imeachta), de bhrí gur cheart úsáid a bhaint as an nós imeachta sin más gá chun a áirithiú go nglacfar an Rialachán roimh dháta na tarraingthe siar. I gcás ina gcuirfí síneadh leis an dáta aistarraingthe go dtí tar éis cruinniú den Chomhairle, ba cheart formheas a iarraidh ar an gComhairle trí nóta maidir le mír 'A'.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

---

[3] Ina theannta sin, cuireadh aithris 11 isteach, a thagraíonn do phrionsabal na coimhdeachta agus a dréachtaíodh ar aon dul le haithris 12 den Rialachán maidir le comhrialacha lena gcinntítear nascacht bhunúsach aeir i dtaca le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas (2018/0433(COD)).